

***CUID A – Teidlíochtaí aistrithe GAN talamh**

Oll-líon Teidlíochtaí a Aistríodh	Luach Aonaid per Teidlíocht (€)	Cineál Teidlíochtaí (Cuir ‘X’ sa bhosca ábhartha)				Modh Aistrithe (Cuir ‘X’ sa bhosca ábhartha)			Dáta Fheidhmiú an Aistrithe ll/mm/bb (féach lth. 6, uimh. 5)
		Caighdeánach	Cúltaisce Náisiúnta	Cur i leataobh	Speisialta	Díol	Bronntanas	Oidhreacht	

Déanfaidh an Roinn aisghlámadh nuair is cuí. Pragas comhaontaithe le haghaidh teidlíochtaí aistrithe (díolta)

€

CUID B – Teidlíochtaí aistrithe LE talamh

Oll-líon Teidlíochtaí a Aistríodh	Luach Aonaid per Teidlíocht (€)	Cineál Teidlíochtaí (Cuir ‘X’ sa bhosca ábhartha)				Modh Aistrithe (Cuir ‘X’ sa bhosca ábhartha)				An Líon Glan Heicteár	Dáta Fheidhmiú an Aistrithe ll/mm/bb (féach lth. 6, uimh. 5)	Más Léas/Cíos Cathain a thagann an comhaontú Léasa/Cíosa chun deiridh?
		Caighdeánach	Cúltaisce Náisiúnta	Cur i leataobh	Speisialta	Díol	Bronntanas	Oidhreacht	Léas			

Déanfaidh an Roinn aisghlámadh nuair is cuí. An bhfuil an gabhálas go léir á dhíol – TÁ NÍL

Oll-líon Heicteár a Aistríodh Pragas comhaontaithe iomlán le haghaidh teidlíochtaí aistrithe (díolta agus/nó ar léas) €

Ná comhlánaigh an chuid thíos ach nuair atá teidlíochtaí á n-aistriú **LE TALAMH**. Liostaigh sonraí na ndáileachtaí talún atá á n-aistriú sa tábla thíos, le do thoil. **I ngach cás ina mbíonn teidlíochtaí á n-aistriú ar léas, caithfear líon combhionann heicteár glan incháilithe a thabhairt ar léas freisin don duine céanna, agus iad a liostú ar fhoirm SPS (Scéim Aoníocaíochta) an Aistrí.**

Ainm an Bhaile Fearainn	Uimh. Aith. (ID) na nDáileachtaí	An Líon Glan Heicteár	Díolta	Ar Léas

Liostaigh aon uimh. aith. (ID) bhreise ar leathanach ar leith

Síniú an Aistreora teidlíochtaí
(i ngnáthscríbhneoireacht an iarratasóra)

Síniú an Aistrí teidlíochtaí
(i ngnáthscríbhneoireacht an iarratasóra)

Fianaithe ag _____

***Má tá teidlíochtaí á n-aistriú gan talamh faoi Cuid A, caithfidh ball de Theagasc, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána an fhoirm seo a fhianú fosta.**

CUID C - Teidlíochtaí faoina réir seo: Cumasc, Comhpháirtíocht um Tháirgeadh Baine, Roinnt, agus Athrú ar Aonán Dlí.

Oll-líon Teidlíochtaí a Aistriodh	Luach Aonaid per Teidlíocht (€)	Saghas Teidlíochtaí (Cuir 'X' sa bhosca ábhartha)					Modh Aistrithe (Cuir 'X' sa bhosca ábhartha)			Dáta Fheidhmiú an Aistrithe / Dáta Roinnt an Ghabháiltais (féach lth. 6, uimh. 5, le do thoil) ll/mm/bb	
		Caighdeánach	Cur i leatobh	Cúlaise Náisiúnta	Caighdeánach Aistrithe	Speisialta	Cumasc/Comhpháirtíocht	Comhpháirtíocht um Tháirgeadh Baine	Roinnt		Athrú ar Aonán Dlí

Má dhéantar Aistriú trí Roinnt, Chumasc, Chomhpháirtíocht nó Athrú ar Aonán Dlí, cuir tic sa bhosca ábhartha, agus ná dearmad na doiciméid seo a leanas a iniámh -

Cumasc/Comhpháirtíocht

- Foirm iarratais chomhlánaithe (leathanaigh 1 & 3) in éineacht le Cóip Dheimhnithe de Chomhaontú Comhpháirtíochta, sínithe ag na páirtithe bainteacha go léir agus fianaithe. (Caithfidh comhaontaithe dá leithéid a bheith fianaithe ag ball de Theagasc, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána)

Comhpháirtíocht um Tháirgeadh Baine (MPP)

- Foirm iarratais chomhlánaithe (leathanaigh 1 & 3) in éineacht le Cóip Dheimhnithe de Chomhaontú Comhpháirtíochta, sínithe ag na páirtithe bainteacha go léir agus fianaithe. (Caithfidh comhaontaithe dá leithéid a bheith fianaithe ag ball de Theagasc, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána)
- Cóip den Chéad Dheimhniú Cláraithe (eisiithe ag Teagasc)

Roinnt

- Foirm iarratais chomhlánaithe (leathanaigh 1 & 3) in éineacht le Díscaoileadh Comhpháirtíochta a insíonn an modh roinnte (Caithfidh díscaoilte dá leithéid a bheith fianaithe ag ball de Theagasc, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána)

Athrú ar Aonán Dlí

- Foirm iarratais chomhlánaithe (leathanaigh 1 & 3) in éineacht le Cóip de Mheabhrán Comhaontaithe agus de na hAirteagail Chomhlachais.

Síniú an Aistreora/na nAistreoirí teidlíochtaí
(i ngnáthscríbhneoireacht an iarratasóra)

Síniú an Aistrí/na nAistrithe
(i ngnáthscríbhneoireacht an iarratasóra)

Ná dearmad leathanach a haon den fhoirm iarratais a chomhlánú!

Cuid D – Athrú ar shonraí Cláráithe na hUimhreach Tréada (Aistriú Riaracháin)

Níor chóir an chuid seo den fhoirm a úsáid ach nuair atá athrú ar na sonraí cláráithe ag teastáil. Mar shampla nuair a dhéantar fear céile, bean chéile, mac, iníon nó duine ar bith eile den teaghlach a chur leis nó a bhaint den Uimhir Tréada.

Ba cheart go dtaispeánfadh sonraí cláráithe na dteidlíochtaí ainm(neacha) an úinéara/na n-úinéirí c(h)láráithe tréada i gcónaí.

Sampla d’Athruithe ar sonraí Cláráithe Uimhreach Tréada/Teidlíochtaí

*Cruthaíodh na Teidlíochtaí Aoníocaíochta in ainm Sheáin agus Mháire Uí Mhurchú. Tá an uimhir Tréada a hathrú anois go dtí ainm Sheáin Uí Mhurchú. Ní raibh **aistriú talún ar bith i gceist**. Toisc go bhfuil na Teidlíochtaí in ainmneacha Sheáin agus Mháire Uí Mhurchú, agus go bhfuil an Uimhir Tréada anois in ainm Sheáin Uí Mhurchú, is gá iarratas a dhéanamh chun sonraí cláráithe na dteidlíochtaí a athrú go dtí ainm Sheáin Uí Mhurchú. Caithfidh Seán Ó Murchú agus Máire Uí Mhurchú an t-iarratas a shíniú.*

Cruthaíodh na Teidlíochtaí Aoníocaíochta in ainm Sheáin Uí Uaithne. Tá an uimhir Tréada a hathrú anois go dtí ainm Sheáin agus Phádraigín Uí Uaithne. Ní raibh **aistriú talún ar bith i gceist**. Toisc go bhfuil na Teidlíochtaí in ainm Sheáin Uí Uaithne, agus go bhfuil an Uimhir Tréada anois in ainmneacha Sheáin agus Phádraigín Uí Uaithne, is gá iarratas a dhéanamh chun sonraí cláráithe na dteidlíochtaí a athrú go dtí ainmneacha Sheáin agus Phádraigín Uí Uaithne. Caithfidh Seán Ó hUaithne agus Pádraigín Uí Uaithne an t-iarratas a shíniú.

Oll-líon Teidlíochtaí a Aistríodh	Luach Aonaid per Teidlíocht (€)	Dáta Fheidhmiú an Aistrithe (Dáta an Athraithe Cláráithe) ll/mm/bb	Cén gaol teaghlaigh atá idir na páirtithe atá i gceist, le do thoil? e.g. fear céile & bean chéile

An chúis leis an athrú ar na sonraí Cláráithe.

Síniú an Aistreora/na nAistreoirí teidlíochtaí
(i ngnáthscríbhneoireacht an iarratasóra)
(Síniú an duine/na ndaoine a raibh teidlíochtaí/uimhir tréada ina s(h)ealbh/seilbh roimh an athrú cláráithe)

Síniú an Aistrí/na nAistrithe teidlíochtaí
(i ngnáthscríbhneoireacht an iarratasóra)
(Síniú an duine/na ndaoine a bhfuil/mbeidh teidlíochtaí/uimhir tréada ina s(h)ealbh/seilbh)

Ná dearmad leathanach a haon den fhoirm iarratais a chomhlánú!

Mura gcomhlánaíonn tú foirmeacha iarratais go hiomlán, agus mura iniann tú doiciméid tacaíochta (mar is infheidhme), cuirfead moill ar phróiseáil d'iarratais ar Aistriú Teidlíochtaí. D'fhéadfadh sé seo moill a chur ina dhiaidh sin ar íocaíocht maidir leis an Aoníocaíocht Fheirme.

Chun moill ar bith a laghdú maidir le d'iarratas a phróiseáil, tá roinnt meabhrúchán tugtha thíos. Baineann na meabhrúcháin seo leis na hearráidí is coitianta, a chuir moill ar phróiseáil i rith 2006.

MEABHRÚCHÁIN MAIDIR LE HAISTRITHE TRÍ OIDHREACTH/BHRONNTANAS/LÉAS/DHÍOL

Cinntigh go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe go hiomlán (leathanaigh 1 & 2), go háirithe maidir le dáta fheidhmiú an aistrithe agus leis an modh aistrithe.

Caithfidh dáta fheidhmiú an aistrithe a bheith comhsheasmhach le dátaí tosaithe SPS (Scéim Aoníocaíochta); mar shampla má dhearbhaíonn iarratasóir gurb é 01/09/06 an dáta tosaithe SPS, agus más 01/01/2007 an dáta tosaithe maidir le Léas/Gníomhas Aistrithe – ní féidir an t-aistriú a phróiseáil.

DOICIMÉADÚ RIACHTANACH

Ná dearmad, le do thoil, na doiciméid ábhartha go léir a iniamb, mar shampla:-

- **Oidhreacth – I gcás Aistrithe trí Oidhreacth, teastaíonn cóip den Uacht agus den/de na Deonú Probháide/ Litreacha Riaracháin, in éineacht leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe (leathanaigh 1 & 2)
Do chuspóirí oidhreactha, tabhair faoi deara nach bhfuil teidlíochtaí nasctha le talamh, agus go bhfuil siad ina gcuid d'iarbhar an eastáit.**
- **Bronntanas le Talamh – I gcás Aistrithe trí bhronntanas le talamh, teastaíonn cóip den Gníomhas Aistrithe, in éineacht leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe (leathanaigh 1 & 2)**
- **Léas – I gcás Aistrithe trí léas, teastaíonn cóip de chomhaontú léasa/cíosa bailí, in éineacht leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe (leathanaigh 1 & 2). Cinntigh, le do thoil, go bhfuil comhaontuithe léasa/cíosa sínithe ag na páirtithe bainteacha go léir, agus fianaithe.**
- **Díol le Talamh – I gcás Aistrithe trí Dhíol le talamh, teastaíonn cóip den Chomhaontú Díola/Mheabhrán Comhaontaithe, in éineacht leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe (leathanaigh 1 & 2)**
- **Aistrithe gan Talamh – Má tá teidlíochtaí á n-aistriú gan talamh, caithfead sínithe an Aistreora/na nAistreoirí agus sínithe an Aistrí/na nAistrithe a bheith fianaithe. Féach leathanach a dó den fhoirm iarratais, áit a bhfuil bosca curtha ar fáil um shíniú finné**

Caithfidh gach comhaontú a bheith fianaithe (sínithe agus stampáilte) ag ball de Theagasc, Comhairleach Talmhaíochta, Aturnae nó Feidhmeannach Síochána

Má dhéantar aistriú teidlíochtaí a fhaomhadh, fógrófar é sin i scríbhinn don aistreoir agus don aistrí aron.

Is féidir aistarraingt iarratas a cheadú, ar choinníoll go bhfuil an achainí um aistarraingt **sínithe ag na páirtithe go léir** atá bainteach, agus mura bhfuil an t-iarratas **próiseáilte cheana féin ag an Roinn**.

Scéim Aoníocaíochta 2007

1. Ní féidir teidlíochtaí aoníocaíochta a aistriú ach go dtí feirmeoir eile sa Bhallstát céanna.
2. Caithfidh an t-aistreoir agus an t-aistrí iarratas a dhéanamh chun teidlíochtaí a aistriú, tríd an fhoirm iarratais um Aistriú Teidlíochta a chomhlánú.
3. Ní ceadaítear aistriú teidlíochtaí gan talamh ach amháin sa chás gur bhain an t-aistreoir úsáid as 80% ar a laghad dá c(h)uid teidlíochtaí íocaíochta in 2005 agus/nó 2006. Murab amhlaidh, caithfidh sé/sí na teidlíochtaí uile nár úsáideadh in 2005 a ghéilleadh don Chúltaisce Náisiúnta go deonach.
4. **Ní cheadófar teidlíochtaí a ligean ar léas/cíos, mura ndéantar an méid céanna heicteár glan, nó níos mó, de thalamh incháilithe a ligean ar léas/cíos in éineacht leo.** Nuair a éagann an comhaontú léasa/cíosa, rachaidh teidlíochtaí ar léas i bhfrithdhílse chuig an aistreoir.
5. Caithfidh **dáta fheidhmiú aistriú** na dteidlíochtaí a bheidh níos déanaí ná an dáta deiridh le haghaidh géilliúlachta don riail 10-mí, faoin Scéim Aoníocaíochta 2006 le haghaidh an aistreora. Má aistrítear an gabháltas uile laistigh den tréimhse 10 mí, ámh, caithfidh an t-aistrí a bheith toilteanach glacadh le dualgais an aistreora, maidir le géilliúlacht do Théarmaí agus Choinníollacha na Scéime Aoníocaíochta 2006, trí Fhoirm um Dhearbhú Comhaontaithe (SPS/UND/2006), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.agriculture.gov.ie, a chomhlánú
6. Ní féidir teidlíochtaí a leithdháiltear faoin gCúltaisce Náisiúnta (teidlíochtaí comhdhlúite san áireamh) a aistriú go ceann 5 bliana, ach amháin más bronntanas/oidhreacht atá i gceist. Maidir le teidlíochtaí a mhéadaítear as an gCúltaisce Náisiúnta: nuair a bhíonn an breisluach níos mó ná 20%, aicmítear iad seo freisin mar theidlíochtaí den chineál “Cúltaisce Náisiúnta”. Má aistrítear teidlíochtaí dá leithéid laistigh de chúig bliana ón leithdháileadh, caithfear an breisluach a fuarthas ón gCúltaisce Náisiúnta a thabhairt ar ais don Chúltaisce Náisiúnta.
7. Nuair atá teidlíochtaí Speisialta á n-aistriú, ní bhfaighidh an t-aistrí maolú ón oibleagáid maidir le heicteár incháilithe a sholáthar le haghaidh gach teidlíochta, mura bhfuil na teidlíochtaí speisialta go léir á n-aistriú. Is féidir teidlíochtaí Speisialta a thiontú go dtí teidlíochtaí Caighdeánacha, má cheanglaítear iad leis an méid céanna heicteár incháilithe talún.
8. Is féidir teidlíochtaí “cur i leataobh” a aistriú, ach caithfidh an t-aistrí toiliú leanúint leis na teidlíochtaí “cur i leataobh” a úsáid, trí heicteár talún amháin, atá incháilithe do “chur i leataobh”, a chur i leataobh gach bliain le haghaidh gach teidlíochta “cur i leataobh”.
9. Ní féidir teidlíochtaí aistrithe a chomhdhlúthú le teidlíochtaí reatha.
10. **Aisghlámadh le haghaidh na Cúltaisce Náisiúnta**
Cuirfidh an Roinn an t-aisghlámadh le haghaidh na Cúltaisce Náisiúnta i bhfeidhm maidir le líon na dteidlíochtaí a aistrítear:
Is mar seo a leanas a bheidh leibhéal an aisghlámtha:
 - Teidlíochtaí a dhíol gan talamh - 15% de theidlíochtaí
 - Teidlíochtaí a dhíol le talamh - 2.5% de theidlíochtaí
 - Teidlíochtaí a dhíol leis an ngabháltas iomlán - 2.5% de theidlíochtaí
 - Nuair atá teidlíochtaí le luachanna difriúla á n-aistriú, cuirfear an t-aisghlámadh i bhfeidhm ar bhonn pro-rata maidir leis na teidlíochtaí go léir atá i gceist.
 - Ní bheidh aisghlámadh i bhfeidhm, má aistrítear teidlíochtaí chuig Iontrálaí Feirme Nua nó má aistrítear iad trí oidhreacht.
 - Ní bheidh aisghlámadh i bhfeidhm, má aistrítear teidlíochtaí trí bhronntanas **ACH** féach 12 thall.

11. Riachtanais maidir le cáiliú mar Iontrálaí Nua

Chun an t-aistrí a bheith incháilithe mar iontrálaí nua:

- (a) Caithfidh gur thosaigh sé/sí ag feirmeoireacht tar éis 31 Nollaig 2004.
- (b) Caithfidh nach ndeachaigh sé/sí le haon ghníomhaíocht talmhaíochta ina (h)ainm féin nó ar a p(h)riacal féin sna cúig bliana díreach roimh thús na gníomhaíochta nua talmhaíochta.
- (c) Caithfidh sé/sí a (h)ioncam feirme a dhearbhú – caithfidh fianaise um ioncam feirme, mar a dearbhaíodh é do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le cáin ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 nó don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006, a bheith in éineacht leis an iarratas seo.
- (d) Caithfidh sé/sí ioncam **seachfeirme** ar bith a dhearbhú- caithfidh ioncam seachfeirme iomlán an aistrí gan a bheith níos mó ná **€20,000**. Caithfidh cóip den P60 nó fianaise eile um ioncam seachfeirme, mar a dearbhaíodh é do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le cáin ioncaim don bhliain a roghnaíodh le haghaidh ioncam feirme a dhearbhú, a bheith in éineacht leis an iarratas seo.
- (e) **Ioncam Iomlán** – caithfidh ioncam iomlán an iarratasóra (ioncam seachfeirme agus ioncam ón bhfeirmeoireacht) gan a bheith níos mó ná **€40,000**.
- (f) Caithfidh sé/sí a d(h)áta breithe a dhearbhú – caithfidh an t-iarratasóir a bheith 18 bliain d’aois ar a laghad ar 1 Eanáir 2006. Caithfidh cóip den Teastas Breithe a bheith in éineacht leis an iarratas seo.
- (g) Caithfidh sé/sí sonraí de cháilíochtaí **feirmeoireachta** ar bith atá aige/aici a sholáthar:

(i) Faoi bhun 35 bliain d’aois ar 1 Eanáir 2006

Caithfidh go bhfuair an t-aistrí an Teastas Gairme san Fheirmeoireacht (an Teastas Glas, tráth); nó cáilíocht fheirmeoireachta níos airde; nó taithí praiticiúil 3 bliana ar a laghad ar an bhfeirmeoireacht AGUS gur chríochnaigh sé/sí cúrsa san fheirmeoireacht atá faofa ag Teagasc, a mhair 180 uair ar a laghad, go sásúil.

(ii) Os cionn 35 bliain d’aois ar 1 Eanáir 2006

Caithfidh an t-aistrí na cáilíochtaí ag (i) thuas a bheith aige/aici NÓ taithí praiticiúil 5 bliana ar a laghad ar an bhfeirmeoireacht.

12. Ní ghlacfar le haistriú teidlíochtaí trí bhronntanas GAN TALAMH, ach amháin má tá na teidlíochtaí á n-aistriú go dtí gaol. Do chuspóirí na dtearmaí agus na gcoinníollacha seo, is iad na daoine seo leanas, agus iadsan amháin, atá ina ngaolta do dhuine eile:

- i. céile
- ii. athair, máthair, deartháir nó deirfiúr, mac nó iníon
- iii. garmhac/gariníon
- iv. seanathair/seanmháthair
- v. uncail nó aintín
- vi. neacht nó nia

an duine eile sin.

13. Forálann rialacháin an AE gur féidir teidlíochtaí íocaíochta ar bith a leithdháiltear ar fheirmeoir go míchuí a aisghabháil agus a leithdháileadh ar an gCúltaisce Náisiúnta. Má aistríodh teidlíochtaí íocaíochta dá leithéid d’fheirmeoir eile, caithfidh an t-aistrí na teidlíochtaí a leithdháileadh go míchuí a ghéilleadh don Chúltaisce Náisiúnta.